



An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

9127/21

SOC 348
EMPL 257
MI 390
ANTIDISCRIM 66
CFSP/PESC 518
EDUC 214
FREMP 145
GENDER 66
JAI 626
SAN 323
SPORT 40
DIGIT 63
TRANS 327
INST 201

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/an Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi mhíchumas, 2021-2030 - <i>An formheas a ullmhú</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo tacar de dhréachtchonclúidí ón gComhairle a d'ullmhaigh an uachtaránacht. Pléadh na dréachtchonclúidí le linn trí fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta agus bhí siad faoi réir comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn leis na toscaireachtaí (8823/21). Is léiriú é an téacs san Iarscríbhinn ar an téacs a chomhaontaigh na toscaireachtaí i gcomhairliúcháin neamhfhoirmiúla i scríbhinn. An t-aon difríocht amháin baineann sé le huimhreacha na míreanna, a cuireadh in ord seicheamhach.

Iarrtar ar an gCoiste na dréachtchonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an 14 Meitheamh 2021 lena bhformheas.

***Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis
um Chearta Daoine faoi mhíchumas, 2021-2030***

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI

1. Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse agus an mheasa ar chearta an duine agus tá sé tiomanta do chomhrac an idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhoras míchumais mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha.
2. Tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún Eorpach Aontas Comhionannais a chruthú dá dtugann an Straitéis do Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 rannchuidiú tábhachtach, ag tacú le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas chomh maith le Colún Eorpach na gCearta Sóisialta.
3. Tá míchumas de chineál éigin ar thart ar 87 milliún duine san Aontas Eorpach agus, dá bhrí sin, tá bacainní rompu ar a rannpháirtíocht eacnamaíoch agus shóisialta¹. Tagann méadú ar líon na laguithe le haois: tuairiscíonn thart ar an leathchuid den daonra atá 65 bliana d'aois agus os a chionn go bhfuil míchumas orthu. Éilíonn an fhianaise go gcuirfí dlús leis an ngníomhaíocht chun an chóir chomhionann a chur chun cinn, mar go mbraitheann os cionn leath na ndaoine go léir atá faoi mhíchumas (52 %) go ndéantar idirdhealú orthu ina saol laethúil². Bíonn bearnaí suntasacha ann do dhaoine faoi mhíchumas i bpríomhréimsí; mar shampla, ráta fostaíochta 24.2 pointe céatadáin níos ísle ná ráta fostaíochta na ndaoine nach bhfuil faoi mhíchumas agus riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta 10 bpointe céatadáin níos airde ná riosca na ndaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

¹ EU-SILC (Staidreamh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála) agus EU LFS (Suirbhé ar an bhFórsa Saothair). Tá 24.7 % de dhaonra an Aontais atá os cionn 16 bliana d'aois faoi mhíchumas, agus tá 17.7 % díobh measartha, agus tá dianteorainneacha ag 7 % díobh; S. Grammenos/M. Priestley, 2020: *Europe 2020 data and people with disabilities*. [Sonraí 2020 na hEorpa agus daoine faoi mhíchumas.] In EU-SILC, cinntear míchumas ar bhonn mheasúnú féin na bhfreagróirí. Aicmítear é de réir an táscaire dhomhanda maidir le míchumas, GALI, a shainmhíníonn míchumas mar 'teorannú sna gnáthghníomhaíochtaí a dhéanann daoine i ngeall ar fhadhbanna sláinte le 6 mhí anuas ar a laghad'.

² Eorabharaiméadar Speisialta 493, *Discrimination in the EU* [Idirdhealú san Aontas], Bealtaine 2019.

4. Áirítear ar dhaoine faoi mhíchumas daoine ar a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a bheith acu sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile. Teastaíonn beartais, táirgí agus seirbhísí atá inrochtana agus oiriúnaithe do riachtanais shonracha aonair ó ghrúpa éagsúil dá leithéid ionas go mbeidh siad in ann a gcearta daonna agus a saoirsí bunúsacha a theachtadh go hiomlán. Ina theannta sin, d'fhéadfadh míchumais i dteannta le saintréithe pearsanta eile nó le dálaí mífhabhracha socheacnamaíocha a bhfuil daoine faoi mhíchumas thíos leo a fhágáil go mbeadh orthu dul i ngleic le cineálacha iomadúla nó tromchúiseacha idirdhealaithe nó le míbhuntáistí iomadúla. Mar shampla, is mó an seans go mbeidh mná faoi mhíchumas thíos le foréigean inscne nó go mbeidh níos lú deiseanna acu ó thaobh rochtain ar fhostaíocht de³.
5. Is den riachtanas iad beartais lena ndírítear ar acmhainneacht daoine faoi mhíchumas, ar an steiréitíopáil agus an t-idirdhealú a chomhrac agus ar bhacainní a laghdú chun a áirithiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann a gcearta daonna a theachtadh go hiomlán agus tairbhe a bhaint as a bheith rannpháirteach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile. Ceann de na bealaí le steiréitíopaí agus an t-idirdhealú a chomhrac is ea feasacht a mhúscailt maidir le cearta daoine faoi mhíchumas.
6. Rinneadh iarrachtaí suntasacha ar an leibhéal Eorpach le Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 ón gCoimisiún Eorpach a chur chun feidhme, an creat beartais ar leibhéal an Aontais a ceapadh chun tacú le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) san Aontas. Mar an gcéanna, rinne na Ballstáit iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta sa réimse sin, lena n-áirítear d'fhonn UNCRPD a chur chun feidhme sna réimsí a bhfuil inniúlacht acu ina leith.

³ *Gender statistics – Statistics Explained (europa.eu) and Statistics | Eurostat (europa.eu)*
[Staitisticí inscne – Míniú ar staitisticí (europa.eu) agus Staitisticí | Eurostat (europa.eu)]

7. Le Straitéis 2010-2020, féachadh leis an mbealach a réiteach d'Eoraip a bheadh saor ó bhacainní, rinneadh dul chun cinn maidir le príomhshruthú míchumais i mbeartais náisiúnta agus Eorpacha, agus cuireadh le forbairt beartas a chuimsíonn an míchumas. A bhuí le beartais don chomhair idirnáisiúnta, bhí an tAontas agus a Bhallstáit ar thús cadhnaíochta ar bhonn domhanda i dtaca le cuimsiú agus rannpháirtíocht iomlán daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn.
8. Cuirtear chun cinn leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (EAA)⁴, a glacadh in 2019, rannpháirtíocht chomhionann iomlán agus éifeachtach na ndaoine faoi mhíchumas trí fheabhas a chur ar an rochtain atá acu ar tháirgí agus seirbhísí príomhshrutha a bhfuil sé de cheangal orthu, faoin ionstraim seo, ceanglais áirithe inrochtaineachta a chomhlíonadh.
9. I gcomhréir leis na luachanna a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, cuirtear i láthair sa Straitéis nua ón gCoimisiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 creat cuimsitheach uailmhianach a ceapadh chun feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas san Aontas agus níos faide i gcéin agus cur chun feidhme UNCRPD a chur chun cinn.
10. Comhlánaíonn an Straitéis nua tionscnaimh eile darb aidhm idirdhealú de gach cineál a chomhrac agus gan aon duine a fhágáil ar lár, Aontas Comhionannais a thógáil do chách lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas i gcomhréir le prionsabail Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.
11. Is é is aidhm do na prionsabail a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sa Phlean Gníomhaíochta a ghlac an Coimisiún chun é a chur chun feidhme, feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas trí bhearta a chur ar aghaidh a áiritheoidh Eoraip shóisialta láidir agus téarnamh cothrom agus cuimsitheach as géarchéim COVID-19.

⁴ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115

12. Ba cheart leanúint de ghné an mhíchumais a chomhtháthú sna beartais Eorpacha maidir leis na haistriúcháin glasa agus digiteacha agus ar mhaithe le hEoraip shóisialta agus shláintiúil. Cuimsítear an míchumas sa mhéid seo a leanas: an Comhaontú Glas don Eoraip, an Straitéis Eorpach Dhigiteach, an tosaíocht an Eoraip a chur in oiriúint don aois dhigiteach, an Clár Oibre Eorpach do Scileanna, an Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, Aontas Sláinte na hEorpa, an Rátháíocht Atreisithe don Aos Óg, an Rátháíocht Eorpach don Leanbh, Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh agus an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún Eorpach. Mhol an Chomhairle freisin le déanaí go bhféachfadh na Ballstáit ar bhealaí nuálacha lena áirithiú go mbeidh gach grúpa, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, in ann rochtain a fháil ar an gCairt Eorpach um Chearta Bunúsacha agus tairbhe a bhaint aisti⁵.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI:

13. Tá baol níos mó ann go mbeidh daoine faoi mhíchumas faoi réir idirdhealaithe agus míbhuntáiste socheacnamaíoch ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas i raon réimsí éagsúla. Is minic a bhíonn bacainní orthu ó thaobh rochtain a fháil ar chúram sláinte, ar thithíocht, agus ar mhargadh an tsaothair, páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha agus táirgí agus seirbhísí a úsáid, agus is minice a bhíonn siad ag maireachtáil faoin mbochtaineacht agus faoi leithlisiú ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Thairis sin, ós rud é gur teoranta na deiseanna agus an tacaíocht a bhíonn acu, is iondúil go mbíonn leibhéal oideachais agus rátaí fostaíochta níos ísle acu agus go bhfágann siad an lucht saothair níos luaithe. Is measa fós na fadhbanna sin mar gheall ar rioscaí phaindéim COVID-19.
14. Is a bhuí leis an inrochtaineacht, arna comhlánú ag infhaighteacht agus cáilíocht foirgneamh, iompar, táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gur féidir cearta a theachtadh agus is réamhriachtanas í le haghaidh rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann i saol an phobail agus le haghaidh maireachtáil neamhspleách gach duine faoi mhíchumas. De bhreis ar cheanglais UNCRPD, leagtar amach íoschaighdeán i ndlí an Aontais ar cheart iad a chur chun feidhme go héifeachtach agus go comhleanúnach.

⁵ Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú (6795/21)

15. Chun gur féidir le daoine faoi mhíchumas na cearta chun saorghluaiseachta agus rannpháirtíocht chomhionann i bpróisis dhaonlathacha a theachtadh, tá gá le beartais chun feabhas a chur ar aithint a míchumas, chun inrochtaineacht san Aontas a áirithiú agus chun a rannpháirtíocht chomhionann i dtoghcháin a chur chun cinn, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí araon, lena n-áirítear i dtoghcháin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Chuige sin freisin, is gá deireadh a chur le haon idirdhealú ar bhonn míchumais a mhéid a bhaineann le cearta sibhialta agus polaitiúla, amhail an ceart chun vótáil.
16. Tá beartais chun maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú iomlán agus rannpháirtíocht sa phobal a chur chun cinn tábhachtach chun cáilíocht mhaith saoil a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an gá leis na beartais sin ag éirí níos práinní, go háirithe i sochaithe atá ag dul in aois. Ba cheart go gcuimseodh straitéisí um maireachtáil neamhspleách tithíocht leordhóthanach agus seirbhísí ardcháilíochta sa phobal bunaithe ar riachtanais an duine aonair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas intleachta agus/nó síceasóisialta, chun a chur ar a gcumas socruithe maireachtála iomchuí a roghnú, agus a chur san áireamh an costas maireachtála níos airde a bhíonn ar go leor daoine faoi mhíchumas. Ba cheart treoirlínte coiteanna maidir leis an bpróiseas dí-institiúidithe a bheith ar fáil agus a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.
17. Chun deis a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, tá sé riachtanach rochtain ar phoist ardcháilíochta agus inbhuanaithe agus ar chórais chosanta shóisialta leordhóthanacha a chothú, scileanna a fhorbairt agus cóiríocht réasúnta a chinntiú. Agus í ag iarraidh go mbeadh margáí saothair cuimsitheacha ann, mhol an Chomhairle⁶ gur cheart go bhfaigheadh daoine atá faoi mhíchumas tacaíocht shaincheaptha don aistriú chuig an margadh saothair ginearálta, d'athimeascadh i margadh an tsaothair agus do theachtadh comhionann cearta oibrithe, lena n-áirítear i gcás fostaíocht dhídeanach.

⁶ Conclúidí ón gComhairle maidir le fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair; (14646/19)

18. Cuireann an t-aistriú digiteach deiseanna nua ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas maidir le cumarsáid, féinchinntiúchán, féinchúram, rannpháirtíocht chomhionann agus teicneolaíochtaí cúnta. Ní mór teicneolaíochtaí nua a bheith inrochtana do gach duine faoi mhíchumas agus a fhorbairt, más féidir, i gcomhréir le prionsabal an Deartha Uilíoch agus leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (EAA), agus ba cheart scileanna leordhóthanacha a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta a chuirfidh ar a gcumas freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas. Léirigh paindéim COVID-19 an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht na n-uirlisí TFC is gá le haghaidh teileachomhdhála, socruithe teilea-oibre, cianfhoghlama, siopadóireacht ar líne, rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhaisnéis chomh maith leis an nganntanas atá ann de ghairmithe TFC atá oilte chun inrochtaineacht a chur chun feidhme. Ní mór inrochtaineacht, éascaíocht úsáide, iontaofacht agus scileanna digiteacha a chur san áireamh agus seirbhísí digiteacha á bpleanáil agus á dtáirgeadh, agus é mar aidhm leis sin deighilt dhigiteach a sheachaint nó a mhaolú lena bhfágfaí daoine faoi mhíchumas ar lár.
19. Tá ceart bunúsach chun na beatha ag gach duine agus ní mór gach beart is gá a dhéanamh lena chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas an ceart sin a theachtadh ar bhonn comhionann le daoine eile le linn géarchéimeanna ar nós phaindéim COVID-19. Tá an ceart céanna ag daoine faoi mhíchumas agus atá ag gach duine eile chun seirbhísí a fháil gan idirdhealú ar bhonn míchumais. Tá feidhm ag an gceart comhionann sin freisin maidir le cúram sóisialta agus cúram sláinte is gá.

20. Chun rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealú a áirithiú, tá gá le gníomhaíocht i réimsí éagsúla beartais agus i réimsí éagsúla, lena n-áirítear, *inter alia*, trí bhíthin reachtaíochta. Tá taighde, oiliúint gairmithe agus beartais lena dtugtar éifeacht do UNCRPD ríthábhachtach chun inrochtaineacht a áirithiú agus chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus is réimsí tábhachtacha iad maidir le rochtain ar an gceartas. Le paindéim COVID-19, táthar tar éis aird a athdhíriú ar na hiarrachtaí atá ag teastáil go fóill chun rochtain ar an bpunann cúraim sláinte ina hiomláine a choimirciú⁷ do dhaoine faoi mhíchumas, chun a áirithiú go bhfuil oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil cuimsitheach agus inrochtana do chách ó aois óg agus chun deis a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i bhfostaíocht íoctha. Is den riachtanas é rochtain ar an saol cultúrtha, áineas, fóillíocht agus an spórt a éascú. Tá luach aitheanta ag an spórt agus ag an gcultúr freisin mar bhealach chun tacú le cuimsiú sóisialta⁸ trí rannchuidiú le dí-stiogmatú agus gníomhú in aghaidh steiréitíopaí.
21. Gabhann gné idirnáisiúnta freisin le beartais náisiúnta chun UNCRPD a chur chun feidhme. Ba cheart é a bheith mar sprioc míchumas a mheas go córasach agus go hinbhuanaithe i mbeartais gníomhaíochta seachtraí, lena n-áirítear comhar um fhorbairt agus cabhair dhaonnúil idirnáisiúnta chun cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a mhéadú.
22. Ba cheart tacú le Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Daoine faoi Míchumas 2021-2030 le straitéisí nó tionscnaimh náisiúnta uailmhianacha, agus le cuspóirí agus spriocanna i gcás inarb ábhartha, agus inniúlachtaí náisiúnta agus beartais atá ann cheana á gcur san áireamh, chun Aontas Eorpach a chruthú atá cuimsitheach ó thaobh míchumais de a dhéanann teachtadh iomlán agus comhionann chearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha ag daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú i gcomhréir le UNCRPD.
23. Tá bearnaí suntasacha agus neamhréitigh mhodheolaíoch ann fós i measc na mBallstát i mbailiú sonraí staidrimh ar staid daoine faoi mhíchumas. Ba cheart aghaidh a thabhairt orthu sin chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ábhartha agus cruinn ó thaobh cáilíochta, minicíochta agus inchomparáideachta de.

⁷ *European Inclusion Summit 2020*. Dearbhú [Cruinniú Mullaigh Eorpach um Chuimsiú 2020].

⁸ Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas. (IO C 192, 7.6.2019, lgh. 18-22)

24. I gcomhréir leis na gealltanais a thug páirtithe in UNCRPD, léirítear sa dearbhú a rinneadh ag Cruinniú Mullaigh Eorpach um Chuimsiú 2020 go bhfuil rún daingean ag a shínitheoirí Eoraip a thógáil inar féidir le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngach réimse den tsochaí. Tá gá le malartú rialta tuairimí idir an tAontas Eorpach, a Bhallstáit agus daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, trína n-eagraíochtaí ionadaíocha chun a áirithiú go ndéanfar an cuspóir sin a sheachadadh go héifeachtúil, go háirithe nuair a fhaightear tacaíocht ó phointí teagmhála le haghaidh cúrsaí míchumais atá le bunú in institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus toscaireachtaí uile an Aontais.
25. Léirigh an Fhíschomhdháil Ardleibhéil maidir leis an Straitéis Eorpach um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, a tionóladh i mí Aibreáin 2021 i Liospóin, le rannpháirtíocht eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, béim ar an móiminteam a tugadh isteach le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis an Straitéis nua. Dhírigh sí ar théamaí na hinrochtaineachta, na maireachtála neamhspleáiche, an dí-institiúidithe agus seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe agus daonlárnacha, na fostaíochta agus an oideachais chuimsithigh. Leag ionadaithe na mBallstát agus rannpháirtithe eile béim ar an tábhacht a bhaineann le leanúnachas de réir Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 agus an tiomantas i leith na Straitéise um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, i gcomhréir le UNCRPD.
26. Cuireann an tacar seo Conclúidí leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus geallsealbhóirí ábhartha sa réimse seo, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

27. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH AGUS FORMHUINÍONN SIAD Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, gan dochar don seasamh a bheidh ag an gComhairle agus ag na Ballstáit amach anseo maidir le tionscnaimh nithiúla lena gcuirtear an Straitéis chun feidhme.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LEIS NA hINNIÚLACHTAÍ NÁISIÚNTA, AGUS NA hIMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

28. Dlí gaolmhar an Aontais⁹ a chur chun feidhme agus beartais a mheas i ngach réimse a chumhdaítear leis an Straitéis chun tacú lena cur chun feidhme.
29. Leanúint de straitéisí agus beartais náisiúnta a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta chun UNCRPD a chur chun feidhme, i gcomhréir, de réir mar is iomchuí, le Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh *Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030] ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, ag cur san áireamh tionchar phaindéim COVID-19 ar shaol agus slite beatha daoine faoi mhíchumas, agus aird ar leith á tabhairt ar chás sonracha na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas.
30. An Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur san áireamh agus aird chuí a thabhairt ar na bearnaí atá ann cheana féin idir mná agus fir agus spriocanna deonacha náisiúnta, á leagan síos, spriocanna arb é is aidhm dóibh na príomhspriocanna beartaithe a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, sa Chlár Oibre Eorpach do Scileanna Nua agus sa Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a bhaint amach.
31. Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bPrótacal Roghnach le UNCRPD a dhaingniú a mhéid is féidir agus athscrúdú a dhéanamh ar aontachas an Aontais leis an bPrótacal Roghnach, agus an mheastóireacht chuimsitheach ar fheidhmiú na gcoistí conartha atá á dhéanamh ag na Náisiúin Aontaithe faoi láthair á cur san áireamh.
32. Trasú agus cur chun feidhme éifeachtach agus comhleanúnach dhlí an Aontais maidir le hinrochtaineacht táirgí, seirbhísí, meán, iompair agus foirgneamh a áirithiú agus comhar a threisiú tríd an lárionad acmhainní 'AccessibleEU', atá le seoladh in 2022, chun faisnéis agus dea-chleachtais a chur ar fáil maidir le hinrochtaineacht thar earnálacha.

⁹ Reachtaíocht achtaithe a luaitear sa Straitéis agus dlí eile an Aontais atá ábhartha maidir leis an Straitéis agus le UNCRPD.

33. Forbairt seirbhísí sóisialta agus maireachtáil neamhspleách pobalbhunaithe atá dírithe ar an duine a chur chun cinn, agus an t-aistriú ó maireachtáil institiúideach go maireachtáil phobalbhunaithe á chur san áireamh. Leas iomlán a bhaint as cistiú atá ar fáil ón Aontas chun cáilíocht na seirbhísí a chuireann tacaíocht ar fáil sa phobal agus a áirithíonn inrochtaineacht, lena n-áirítear trí oiliúint a chur ar fhoireann na seirbhísí tacaíochta, a neartú.
34. Rannpháirtíocht sa saol polaitiúil agus poiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta toghcháin a bheith á bhfeidhmiú ag daoine faoi mhíchumas.
35. Comhordú Pointe Fócasach Náisiúnta UNCRPD le haireachtaí eile a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear trí phointí teagmhála do chúrsaí míchumais a bhunú in aireachtaí agus i gcomhlachtaí poiblí agus comhoibriú le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhréir leis an Straitéis.
36. Agus UNCRPD á chur chun feidhme agus beartais á bhforbairt i gcomhréir leis an Straitéis, feabhas a chur ar an gcomhairliúchán le daoine faoi mhíchumas agus lena rannpháirtíocht ghníomhach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme reachtaíochta agus beartas, lena n-áirítear trína gcuid eagraíochtaí ionadaíocha mar a luaitear in UNCRPD. Ba cheart rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus a gcuid eagraíochtaí, chomh maith le rannpháirtíocht bardas, gnólachtaí agus tionscal, a mholadh le linn na bpróiseas agus ar gach leibhéal den chinnteoireacht.
37. An leas is fearr is féidir a bhaint as cistiú iomchuí agus cláir airgeadais an Aontais lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, go háirithe CSE+ agus Fís Eorpach, chun chur chun feidhme UNCRPD agus Straitéis an Choimisiúin um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimsí na hinrochtaineachta, na seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe, na maireachtála neamhspleáiche agus cuimsiú socheacnamaíoch daoine faoi mhíchumas.

**IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR
LENA nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA
NA mBALLSTÁT Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL
AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A
LEANAS A DHÉANAMH:**

38. Oibriú i gcomhar le chéile chun cur chun feidhme iomlán UNCRPD a bhaint amach agus tionscnaimh a ghlacadh chun reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta a oiriúnú dá réir, i gcás inar gá, agus dearbhú an Aontais a thabhairt cothrom le dáta mar a mhol Coiste CRPD.
39. Comhar struchtúrtha a chur chun cinn idir na Ballstáit, an Coimisiún agus eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas, agus rannpháirtíocht níos cothroime idir mná agus fir á lorg ag an am céanna, lena n-áirítear trí phointí fócasacha na Náisiún Aontaithe a bheith rannpháirteach san Ardán nua Míchumais, agus trí chomhoibriú le hionadaithe ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.
40. Príomhshruthú córasach an mhíchumais i gcomhréir le UNCRPD a áirithiú, lena n-áirítear trí fhaireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha reachtacha, cláir agus cistiú ábhartha an Aontais, agus ar reachtaíocht agus beartais náisiúnta i gcás inarb iomchuí.
41. Comhordú a dhéanamh chun réimsí agus deiseanna gníomhaíochta a shainaitheint chun feasacht a mhúscailt maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus chun stiogmatú, idirdhealú, foréigean agus an iliomad míbhuntáistí a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí níos leochailí agus ar ghné na hinscne agus an toise trasnach.
42. Comhar maidir le cearta daoine faoi mhíchumas a neartú i gcomhthéacs chláir airgeadais agus cistiú an Aontais, comhar um fhorbairt, cabhair dhaonnúil agus méadú, lena n-áirítear d'fhonn a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta iarratais inrochtana. Láithreach an Aontais a fheabhsú i bhfóraim iltaobhacha lena n-áirítear fóraim a bhaineann le UNCRPD agus a Choiste.

43. Comhar a fheabhsú maidir le sonraí a bhailiú go tráthrialta, sonraí atá imdhealaithe de réir inscne, aoise agus míchumais, arna gcomhordú ag EUROSTAT i gcás inar féidir agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú freisin le faireachán feabhsaithe lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Iarrtar ar EUROSTAT togra mionsonraithe a fhorbairt agus a phlé leis na Ballstáit.
44. Leathnú ar bhailiú sonraí maidir le staid daoine faoi mhíchumas, i gcás inarb ábhartha agus indéanta, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí in institiúidí, i réimsí amhail inrochtaineacht, sláinte agus cúram sláinte, fostaíocht, oiliúint, scileanna, oideachas, cosaint shóisialta, bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta, dálaí maireachtála agus úsáid teicneolaíochtaí nua.
45. Sineirgí a áirithiú idir an Straitéis, na straitéisí, pleananna nó beartais náisiúnta agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Straitéis Chomhairle na hEorpa um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2017-2023.
46. Tacú le gníomhaíochtaí piarfhoghlama maidir le straitéisí náisiúnta um míchumas agus beartais agus cleachtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla um míchumas, i réimsí éagsúla.
47. Dul i gcomhairle go gníomhach agus go tráthrialta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht thar ceann daoine faoi mhíchumas nó a bhíonn ag obair leo.
48. Tacú le ról na gcomhlachtaí comhionannais, i gcás inarb iomchuí, agus le sásraí neamhspleácha chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh orthu.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

49. A áirithiú go ndéanfar an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a ailíniú le tionscnaimh bheartais an Aontais le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha.
50. Sineirgí a áirithiú idir an Straitéis, agus na beartais agus na hionstraimí chun Aontas Sláinte na hEorpa a thógáil, chomh maith leo siúd a bhaineann le hoideachas agus forbairt scileanna, an óige, leanaí, aosú agus comhionannas.

51. Príomhshruthú míchumais agus gníomhaíocht chomhordaithe a chothú ar fud an Choimisiúin maidir lena Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi, ag obair go dlúth le daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha.
52. Straitéisí acmhainní daonna don éagsúlacht agus don chuimsiú a chur chun feidhme mar aon le beartais inrochtaineachta d'fhoirgnimh, ionaid, cumarsáid agus foilseacháin agus, ar an gcaoi sin, dea-shampla a thabhairt, rud a bheidh chun sochair don cheapadh beartas ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus a dhea-chleachtais a chomhroinnt le hinstiúidí Eorpacha eile.
53. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcoinníollacha cumasúcháin i gcomhthéacs chreataí na mBallstát maidir le UNCRPD agus inrochtaineacht a chur chun feidhme chomh maith leis an úsáid a bhaineann siad as cláir airgeadais agus cistiú an Aontais le haghaidh cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta daoine atá faoi mhíchumas, agus marcóir míchumais Choiste Cúnaimh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta á úsáid chun faireachán spriocdhírith a dhéanamh ar chúnamh an Aontais.
54. Foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtais idir na Ballstáit a chur chun cinn, i gcomhar le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, chun feabhas a chur ar an mbonn eolais maidir le hinrochtaineacht agus réimsí eile amhail seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe, maireachtáil neamhspleách, dí-institiúidiú agus bearta chun fostaíocht agus fiontraíocht daoine faoi mhíchumas a fheabhsú, lena n-áirítear bearta i gcomhthéacs seirbhísí fostaíochta.

IARRANN SIAD AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

55. Athbhreithniú a dhéanamh ar scórchlár sóisialta an Aontais Eorpaigh agus aird á tabhairt ar Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta d'fhonn faireachán níos fearr a dhéanamh ar, i measc rudaí eile, staid daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear laistigh de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.
56. Leanúint de ghníomhaíochtaí piarfhoghlama a sheoladh maidir le beartais shóisialta agus fostaíochta, chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur i bhfeidhm sna réimsí sin.

Tagairtí

1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais

European Pillar of Social Rights [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta]

https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

European Inclusion Summit 2020: Declaration by the EU Member States' Representatives of the interests of persons with disabilities [Cruinniú Mullaigh Eorpach um Chuimsiú 2020: Dearbhú ó Ionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le leasanna daoine faoi mhíchumas].

2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.

(IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115)

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.)

3. An Chomhairle

Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú (6795/21)

Conclúidí ón gComhairle maidir le fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair; (14646/19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas.

(IO C 192, 7.6.2019, lgh. 18-22)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 a chur chun feidhme (11843/11)

4. An Coimisiún Eorpach

Teachtaireacht (COM (2010) 636 final) ón gCoimisiún: European Disability Strategy 2010-2020 [An Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020].

Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (SWD (2020) 291 final): Evaluation of the European Disability Strategy 2010-2020 [Meastóireacht ar Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020].

Teachtaireacht ón gCoimisiún (COM (2021) 101 final): Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030 [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi mhíchumas 2021-2030].

Sonraí: EU-SILC (Staidreamh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála) agus EU LFS (Suirbhé ar an bhFórsa Saothair); S. Grammenos/M. Priestley, 2020: *Europe 2020 data and people with disabilities* [Sonraí 2020 na hEorpa agus daoine faoi mhíchumas]; Eorabharaiméadar Speisialta 493, Discrimination in the EU, May 2019 [Idirdhealú san Aontas, Bealtaine 2019].

Communication on A Strong Social Europe for Just Transitions [Teachtaireacht maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa]. (COM(2020) 14 final.)

The European Pillar of Social Rights Action Plan [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta] (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

5. Parlaimint na hEorpa

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an Straitéis Eorpach um Míchumas i ndiaidh 2020 (2019/2975(RSP))

6. Na Náisiúin Aontaithe

Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

UN Resources on Persons with Disabilities and COVID-19 [Acmhainní na Náisiúin Aontaithe maidir le daoine faoi mhíchumas agus COVID-19].

Clár Oibre 2030 na Náisiúin Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe